Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

fón +353 1 639 8445/8
facs +353 1 639 8401
r-phost eolas@cnmg.ie
suíomh www.cnmg.ie

Fógra do mhúinteoirí

Plé & Tae

Beidh **Plé agus Tae**, Ciorcal Comhrá do Mhúinteoirí Gaeilge á reáchtáil arís ag Comhar na Múinteoirí Gaeilge an téarma seo.

Beidh na seisiúin seo dírithe ar mhúinteoirí Gaeilge a bhfuil fonn orthu cur lena stór focal agus lena líofacht agus a gcuid tuairimí a roinnt le múinteoirí eile in atmaisféar sóisialta, neamhfhoirmeálta.

Díreoidh na seisiúin ar chruinneas agus ar shaibhreas sa Ghaeilge labhartha agus beidh plé ar chúrsaí reatha agus ar chúrsaí oideachais. Anuas air sin, tabharfaidh na seisiúin leideanna úsáideacha do mhúinteoirí leis an nGaeilge labhartha a spreagadh i measc a gcuid daltaí féin.

Beidh na seisiúin ar siúl in Áras Fhoras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, ar na dátaí seo a leanas:

Dé Céadaoin	**3 Feabhra**	**(6.00 – 7.30 p.m.)**
Dé Céadaoin	**10 Feabhra**	**(6.00 – 7.30 p.m.)**
Dé Céadaoin	**24 Feabhra**	**(6.00 – 7.30 p.m.)**

Ní mór a bheith cláraithe le Comhar na Múinteoirí Gaeilge le freastal ar na seisiúin seo. Tá líon na n-áiteanna teoranta agus ní mór teagmháil a dhéanamh leis an Lároifig le clárú do na seisiúin. Gearrfar táille €10 ar an gcéad oíche. Cuirfear tae, caife agus brioscaí ar fáil.